Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 21 Samhain 2017**
**(OR. en)**

**14207/17**

**EDUC 407**
**JEUN 142**
**EMPL 541**
**SOC 709**
**COMPET 745**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 13539/17 EDUC 382 JEUN 130 EMPL 512 SOC 669 COMPET 696 RECH 340 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9843/17 EDUC 277 JEUN 80 EMPL 347 SOC 450 COMPET 462 RECH 217<br>+ ADD 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le clár oibre athnuaite de chuid an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an ardoideachas<br>*- Conclúidí ón gComhairle (20 Samhain 2017)* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le clár oibre athnuaite de chuid an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an ardoideachas, a ghlac an Chomhairle ag an 3577ú cruinniú a bhí aici, ar an 20 Samhain 2017.

# Conclúidí ón gComhairle maidir le clár oibre athnuaite de chuid an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an ardoideachas

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID SEO A LEANAS

AG MEABHRÚ DI an cúlra polaitiúil a bhaineann leis an tsaincheist seo, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis na conclúidí seo é.

AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á AITHINT AICI:

1. ar leibhéal an duine aonair, cuireann an t-ardoideachas le forbairt phearsanta agus ghairmiúil na bhfoghlaimeoirí, agus cuidíonn sé le daoine aonair a bheith freagrach as a bhfoghlaim feadh an tsaoil agus as a ngairm. Ar leibhéal na sochaí, is bunchloch don fhorbairt inbhuanaithe, don fhás eacnamaíoch, don nuálaíocht agus don chomhtháthú sóisialta é, agus bíonn ról nach beag aige fad a bhaineann le dúshláin na sochaí a shainaithint agus dul i ngleic leo.

2. is gá treisiú leis an gcomhoibriú agus le sineirgí, laistigh d'earnálacha an oideachais ach freisin idir an t-ardoideachas agus an taighde, an nuálaíocht agus saol na hoibre.

3. is gá tacú leis na hinstitiúidí ardoideachais an ról atá acu sa chomhpháirteachas poiblí a chomhlíonadh agus bearta a ghlacadh chun a áirithiú gur fearr an léiriú a thabharfaidh comhdhéanamh chuallacht na mac léinn agus na foirne sna hinstitiúidí ardoideachais ar an bpobal i gcoitinne.

4. ba cheart spreagadh a thabhairt do na hinstitiúidí ardoideachais a marana a dhéanamh arís ar a gcur chuige don fhoghlaim agus don teagasc agus, go háirithe, cur chuige atá dírithe ar an mac léinn, foghlaim chomhoibríoch atá bunaithe ar fhiosrú a spreagadh, agus timpeallachtaí cuimsitheacha foghlama agus úsáid teicneolaíochtaí digiteacha a chur chun cinn.

5. cé gur suntasach an dul chun cinn atá déanta i dtreo príomhsprioc Eoraip 2020 a bhaint amach, is é sin go mbeadh, faoin mbliain 2020, oideachas treasach nó a choibhéis ar 40 % ar a laghad díobh siúd atá idir 30 agus 34 bliana d'aois, is den bhunriachtanas, mar sin fein, a áirithiú go mbeidh an t-ardoideachas ar ardchaighdeán agus ábhartha ionas go bhféadfaidh céimithe bláthú ar bhonn pearsanta agus gairmiúil.

6. sa chomhthéacs sin, tá gá fós le hiarrachtaí chun sonraí ar chaighdeán níos fearr a chur ar fáil maidir leis an ardoideachas, mar shampla i dtéarmaí torthaí sóisialta, fostaíochta agus comhpháirteachais phoiblí, arna mbaint amach ag daoine a fhágann an t-ardoideachas gan chéim, agus i dtéarmaí na soghluaisteachta trasnáisiúnta agus na ndúshlán a ghabhann léi.

7. A bhuí leis an gcomhar idirnáisiúnta agus leis an tsoghluaiseacht foghlama i réimse an ardoideachais, go háirithe tríd an gclár Erasmus+, bhíothas in ann comhpháirtíochtaí nua trasteorann a chruthú, dea-chleachtais a mhalartú, tuiscint idirchultúrtha agus luachanna comhroinnte a fhorbairt, agus eolas nua a fhuascailt agus leas a bhaint as, le gur tarraingtí agus gurb iomaíche a bheidh córas ardoideachais na hEorpa ar fud an domhain.

8. ar na dúshláin shonracha atá le sárú in earnáil ardoideachais na hEorpa, tá:

   a) eolas, scileanna agus inniúlachtaí níos fearr a thabhairt do mhic léinn agus, san am céanna, aghaidh a thabhairt ar an neamhréir scileanna agus ar an nganntanas scileanna i réimsí gairme ar leith;
   b) rochtain chomhionann a fhorbairt mar aon le dálaí ina n-éireoidh le gach duine san ardoideachas, agus comhpháirteachas poiblí na n-institiúidí ardoideachais a chur chun cinn;
   c) lánúsáid a bhaint as acmhainneacht neamhshaothraithe na n-institiúidí ardoideachais le go mbeidh siad in ann rannchuidiú, tríd an bhfoghlaim agus tríd an taighde, leis an nuálaíocht agus leis an bhforbairt sa gheilleagar i gcoitinne, go háirithe sna réigiúin ina bhfuil siad féin suite;
   d) comhleanúnachas i rialachas an ardoideachais agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní a spreagadh.

IS DIOL SÁSAIMH DI AN MÉID SEO A LEANAS:

9. an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le clár oibre athnuaite de chuid an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an ardoideachas[1], lena gcuirtear leis an gcomhar a bhí ann roimhe seo agus arb é is aidhm leis a áirithiú go mbeidh uirlisí agus cláir an Aontais ina mbonn tacaíochta don fhoghlaim fhrithpháirteach agus don chomhar beartais san ardoideachas.

[1] 9843/17

Agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na saoirse acadúla agus do neamhspleáchas institiúideach na n-institiúidí ardoideachais, agus a ról bunúsach á aithint aici fad a bhaineann le córais ardoideachais a nuachóiriú a thuilleadh,

IARRANN SÍ AR NA BALLSTÁIT díriú ar na réimsí tosaíochta gníomhaíochta seo a leanas:

A. AN BARR FEABHAIS A CHUR CHUN CINN I bhFORBAIRT SCILEANNA

10. Institiúidí ardoideachais a spreagadh chun tallann agus cumas na bhfoghlaimeoirí uile a fhorbairt agus iad a ullmhú ar bhealach níos fearr leis an eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a bhfuil gá acu leo chun bheith gníomhach agus freagrach mar shaoránaigh sa tsochaí agus chun páirt a ghlacadh i margadh an tsaothair agus san fhoghlaim feadh an tsaoil.

11. Aghaidh a thabhairt ar an neamhréir scileanna agus ar an nganntanas scileanna, mar aon le riachtanais scileanna a bheidh ann amach anseo a thuar, trí na hinstitiúidí ardoideachais a spreagadh chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) an comhar le fostóirí a neartú – tríd an bhfoghlaim obairbhunaithe, mar shampla – agus trí ghnéithe teoiriciúla agus praiticiúla a ionchorprú i gcláir;

b) comhoibriú le hinstitiúidí ardoideachais ar gach uile leibhéal agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun foghlaimeoirí a spreagadh le go rachaidh siad le gairmeacha beatha a mbíonn ardscileanna ag teastáil lena n-aghaidh, lena n-áirítear an léann, a fhreagraíonn d'éilimh mhargadh an tsaothair sa lá atá inniu ann, agus ní hamháin sin ach a chabhraíonn chun geilleagar agus sochaí an lae amárach a mhúnlú, mar aon le todhchaí na hoibre, agus béim ar leith a chur ar scileanna a fháil i réimsí na heolaíochta, na teicneolaíochta, na hinnealtóireachta, (na n-ealaíon) agus na matamaitice (STE(A)M);

c) leas a bhaint as réamhaisnéisí agus as anailísí i dtaca le scileanna agus le margadh an tsaothair mar ionchur chun feabhas a chur ar cháilíocht an ardoideachais agus chun cuidiú le foghlaimeoirí roghanna eolasacha foghlama a dhéanamh;

12. Naisc níos láidre a chothú le pobail áitiúla, mar shampla trí pháirt níos mó a thabhairt do ghníomhaíochtaí pobail agus deonacha sna cláir, nuair is iomchuí, agus trí chultúr fiontraíochta agus scileanna a spreagadh sna hinstitiúidí agus lasmuigh dóibh araon.

13. Na hinstitiúidí ardoideachais a spreagadh chun bealaí nuálacha maidir leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim a chur chun feidhme, go háirithe trí chur chuige straitéiseach i ndáil leis an digitiú a fhorbairt agus trí litearthacht dhigiteach gach foghlaimeora a fheabhsú.

## B. AGHAIDH A THABHAIRT AR NA RIACHTANAIS ATÁ AG CUALLACHT MAC LÉINN ATÁ ÉAGSÚIL AGUS TACÚ LEIS AN bhFOIREANN ACADÚIL

14. Gach dícheall a dhéanamh ar mhaithe le comhionannas níos mó tríd an rochtain ar an ardoideachas a fheabhsú agus leas á bhaint as réimse leathan modhanna, lena n-áirítear oibriú i dtreo inrochtaineacht níos fearr ar an leibhéal réigiúnach, chomh maith le dálaí a chruthú ina n-éireoidh le cách agus oideachas agus treoir ar ardchaighdeán a áirithiú do gach uile mhac léinn, beag beann ar a chúlra ná ar a cúlra.

15. Iarrachtaí a dhéanamh córais ardoideachais a oscailt do dhaoine ag tráth ar bith dá saol, tríd an aistriú idir leibhéil éagsúla cháilíochta agus idir conairí éagsúla oideachais a éascú, tríd an aitheantas a thugtar don fhoghlaim neamhfhoirmiúil agus don fhoghlaim sheachfhoirmiúil a fheabhsú, agus trí mhodhanna seachadta ardoideachais atá níos solúbtha a fhorbairt, mar shampla tríd an bhfoghlaim chumaisc agus trí acmhainní oscailte oideachais.

16. Na hinstitiúidí ardoideachais a spreagadh chun tacú le hoiliúint tosaigh agus le forbairt ghairmiúil leanúnach na foirne acadúla, agus an oiliúint agus an fhorbairt sin a dhreasú, d'fhonn na scileanna riachtanacha, iomchuí teagaisc a thabhairt dóibh chun freastal ar na riachtanais a bhíonn ag cuallacht mac léinn atá éagsúil, chun timpeallachtaí éifeachtacha comhoibríocha foghlama a chruthú, chun mic léinn a tharraingt isteach i ngníomhaíochtaí taighde, chun an idirdhisciplíneacht a chur chun cinn agus chun leas níos fearr a bhaint as cleachtais nuálacha oideolaíochta.

17. Bearta a dhéanamh chun inniúlachtaí digiteacha na foirne acadúla a fheabhsú, lena n-áirítear inniúlachtaí na hoideolaíochta digití agus inniúlachtaí digiteacha disciplínsonracha.

18. Iarrachtaí a dhéanamh an barr feabhais agus an nuálaíocht sa teagasc a aithint, trí chórais luaíochta agus deiseanna fostaíochta a fhorbairt don fhoireann acadúil, mar shampla, agus aird á tabhairt ar an gcothromaíocht idir gníomhaíochtaí teagaisc agus taighde.

19. An tsoghluaiseacht foghlama agus taithí idirnáisiúnta ábhartha eile a chur chun cinn i measc na mac léinn agus na foirne acadúla, amhail an tsoghluaiseacht fhíorúil agus an tsoghluaiseacht chumaisc nó an t-idirnáisiúnú sa bhaile, agus an tsoghluaiseacht foghlama agus teagaisc a fhí isteach i gcláir ar bhealach níos córasaí.

C. RANNCHUIDIÚ LEIS AN NUÁLAÍOCHT SA GHEILLEAGAR I gCOITINNE

20. Tacú leis na hinstitiúidí ardoideachais feabhas a chur ar an tionchar a bhíonn acu ar straitéisí macrairéigiúnacha, ar gheilleagair réigiúnacha agus ar an gcumas nuálaíochta, mar aon le rannchuidiú leis an aistriú teicneolaíochta agus le beartas réigiúnach maidir leis an speisialtóireacht chliste.

21. Tacú leis na hinstitiúidí ardoideachais líonraí éifeachtacha comhoibrithe a chruthú idir eagraíochtaí éagsúla agus ó earnáil go chéile.

22. Na hinstitiúidí ardoideachais a spreagadh chun dálaí a chruthú a bheidh fabhrach do smaointeoireacht na fiontraíochta agus don chruthaitheacht agus féachaint go hiomlánaíoch ar an dóigh a gcomhtháthaítear an taighde agus an nuálaíocht i gcláir staidéir.

23. Tacú le forbairtí i gcláir dhochtúireachta chun céimithe a ullmhú ar bhealach níos fearr do ghairmeacha sa saol acadúil agus lasmuigh de, lena n-áirítear cur le hinfheictheacht inniúlachtaí inaistrithe, agus cuidiú leo barr cumais a bhaint amach agus, san am céanna, rannchuidiú leis an nuálaíocht agus leis an bhforbairt sa gheilleagar agus sa tsochaí i gcoitinne.

D. ÉIFEACHTÚLACHT A CHUR CHUN CINN AGUS AN DEARBHÚ CÁILÍOCHTA A FHORBAIRT A THUILLEADH SA CHÓRAS ARDOIDEACHAIS

24. Gach dícheall a dhéanamh ar mhaithe le maoiniú leordhóthanach, cothrom, inbhuanaithe agus ar mhaithe le rialachas éifeachtach na gcóras ardoideachais d'fhonn cáilíocht agus ábharthacht an teagaisc agus na foghlama a fheabhsú agus d'fhonn an chuimsitheacht agus an barr feabhais a chur chun cinn.

25. Rannpháirteachas gníomhach geallsealbhóirí inmheánacha agus rannpháirtíocht geallsealbhóirí seachtracha a spreagadh i rialachas na n-institiúidí ardoideachais.

26. Éifeachtúlacht, éifeachtacht agus trédhearcacht an dearbhaithe cáilíochta a fheabhsú a thuilleadh d'fhonn an iontaoibh fhrithpháirteach a atreisiú, nósanna imeachta aitheantais maidir le cáilíochtaí acadúla a neartú agus borradh a chur faoin tsoghluaiseacht idirnáisiúnta.

Ó thaobh tacú le comhar na mBallstát sa réimse seo, IS DÍOL SÁSAIMH DON CHOMHAIRLE AN RÚN ATÁ AG AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

27. comhar faoin gclár Erasmus+ agus faoin gcreat straitéiseach le haghaidh an oideachais agus na hoiliúna a atreisiú, lena n-áirítear tríd an gcuimsitheacht, an barr feabhais agus an nuálaíocht sa teagasc a chur chun cinn, trí fhreagracht shibhialta agus shóisialta na mac léinn agus na n-institiúidí ardoideachais a chothú, trí obair dheonach agus obair phobail ábhartha a spreagadh, agus trí chomhar a fhorbairt laistigh den earnáil ghnó.

28. tacú le bearta lena méadaítear an cháilíocht sa tsoghluaiseacht acadúil, amhail trédhearcacht níos fearr i dtaca le cáilíochtaí, lena n-áirítear na cáilíochtaí a bhíonn ag dídeanaithe agus imircigh, agus malartú digiteach sonraí na mac léinn, agus lánurraim á tabhairt do na rialacha náisiúnta agus Eorpacha maidir le cosaint sonraí.

29. tacaíocht ar leibhéal an Aontais a chur ar fáil do chomhghuaillíochtaí chun réimsí STE(A)M a chur chun cinn agus chun dea-chleachtais a chomhroinnt.

30. forbairt oideolaíochtaí nuálacha a chothú chun cuidiú le hinstitiúidí ardoideachais straitéisí cuimsitheacha maidir leis an bhfoghlaim dhigiteach a chur chun feidhme, trí shamhail na hullmhachta don fhoghlaim dhigiteach a fhiosrú, mar shampla.

31. na dreasachtaí agus an cumas a chruthú ionas gur féidir, leis an ardoideachas, réitigh ar dhúshláin shóisialta agus eacnamaíocha a lorg agus rannchuidiú le fás na nuálaíochta agus na fiontraíochta sna réigiúin, go háirithe tríd an mbealach a réiteach i dtaca le naisc níos fearr a chruthú le húdaráis phoiblí, le hinstitiúidí taighde agus le hearnáil an ghnó.

32. rannchuidiú leis na naisc agus an comhordú idir Limistéar Eorpach an Ardoideachais, an Limistéar Eorpach Taighde, tionscnaimh i réimse na nuálaíochta agus fóraim idirnáisiúnta ábhartha eile oideachais a neartú.

33. sineirgí idir uirlisí an Aontais maidir leis an gcothú fianaise a bharrfheabhsú agus a chruthú, mar aon le neart a chur le líonra Eurydice agus leis an gcomhar a dhéantar leis an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) d'fhonn sineirgí idir gníomhaíochtaí a áirithiú, dúbláil iarrachtaí a sheachaint agus tairbhe a bhaint as obair chomhpháirteach.

34. rannchuidiú leis an scrúdú a dhéantar ar struchtúir mhaoiniúcháin agus rialachais i gcomhthéacs an chomhair a dhéantar le OECD, agus béim ar leith á leagan ar an gcothromaíocht idir an teagasc agus an taighde, agus é mar chuspóir torthaí níos fearr a áirithiú do chéimithe agus córais ardoideachais atá níos éifeachtúla agus níos éifeachtaí a fhorbairt.

IARRANN SÍ AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

35. aird iomlán a thabhairt ar na conclúidí seo agus a chuid tograí maidir leis an gcreat straitéiseach don chomhar á n-ullmhú aige amach anseo i réimse an oideachais agus na hoiliúna, mar aon le clár an Aontais maidir leis an oideachas agus leis an oiliúint i ndiaidh 2020, agus ionstraimí airgeadais eile, agus béim chuí á cur ar cheisteanna straitéiseacha, airgeadais agus cáilíochta i bhforbairt na dtograí sin.

## IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Cúlra polaitiúil

1. *Council conclusions on a strategic framework for European cooperation in education and training ('ET2020')* [Conclúidí ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach maidir le hoideachas agus le hoiliúint('ET 2020')] (an 12 Bealtaine 2009).
2. Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh sa Chomhairle, maidir le ról an oideachais a fhorbairt i dtriantán lánfheidhmiúil feasachta (26 Samhain 2009).
3. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ardoideachas a nuachóiriú (28 agus 29 Samhain 2011).
4. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngné shóisialta a bhaineann leis an ardoideachas (16 agus 17 Bealtaine 2013).
5. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an ngné dhomhanda a bhaineann le hardoideachas Eorpach (25 agus 26 Samhain 2013).
6. Conclúidí ón gComhairle maidir le dearbhú cáilíochta a thacaíonn leis an oideachas agus leis an oiliúint (20 Bealtaine 2014).
7. Conclúidí ón gComhairle maidir leis an bhfiontraíocht san oideachas agus san oiliúint (12 Nollaig 2014).
8. Dearbhú maidir leis an tsaoránacht agus le luachanna coiteanna na saoirse, na caoinfhulaingthe agus an neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn tríd an oideachas (Páras, 17 Márta 2015).
9. Tuarascáil Chomhpháirteach 2015 ón gComhairle agus ón gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an chreata straitéisigh le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint (ET 2020) — Tosaíochtaí nua le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint (23 agus 24 Samhain 2015).
10. An Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le forbairt shocheacnamaíoch agus cuimsitheacht a chur chun cinn san Aontas tríd an oideachas: an méid a chuireann an t-oideachas agus an oiliúint le Seimeastar Eorpach 2016 (24 Feabhra 2016).

11. Conclúidí ón gComhairle maidir le litearthacht sna meáin agus smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt tríd an oideachas agus an oiliúint (30 Bealtaine 2016).

12. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: 'Clár Oibre Nua Scileanna don Eoraip: Ag obair le chéile chun an caipiteal daonna, an fhostaíocht agus an t-iomaíochas a neartú' (10 Meitheamh 2016).

13. *Education and Training Monitor 2016* [Faireachán ar Oideachas agus Oiliúint 2016] (Samhain 2016).

14. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún maidir leis an oideachas a fheabhsú agus a nuachóiriú (7 Nollaig 2016).

15. Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le cuimsiú san éagsúlacht d'fhonn oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil do chách (17 Feabhra 2017).

16. Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Coiste na Réigiún maidir le clár oibre athnuaite de chuid an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an ardoideachas (30 Bealtaine 2017).

17. Moladh ón gComhairle maidir le céimithe a rianú (20 Samhain 2017).

[ 18. Conclúidí ón gComhairle maidir le todhchaí na hoibre (7 Nollaig 2017)].